

Dánta agus Rainn 1



Bogaimis ár gcos

Siúil leat, siúil leat, siúil leat mar is cóir
Siúil leat, siúil leat, ar an bhealach mhór

Léim leat, léim leat, is cos amháin san aer.
Léim leat, léim leat, léim go hard sa spéir.

Léim leat, léim leat, léim dhá chos in airde.
Léim leat, léim leat, tú féin is do chairde.

Gread leat, gread leat, gread do chos go trom.
Gread leat, gread leat, gread chomh gasta liom.

Siúil leat, siúil leat, ar bharraicíní na gcos
Ag imeacht linn abhaile, bogaimis ár gcos.

Seán agus Brídín

Chuaigh Seán agus Brídín suas a' cnoc
Fá choinne canna uisce,
Mo leán, thit Sean, 'is bhris sé a cheann.
Agus síos le Brídín fosta.

Bhí mamaí na bpaistí buartha tinn,
Nuair a chuala sí faoin taisme.

Scread sí 's chaoin sí uisce a cinn
Nuair nach dtáinig an t-uisce ar ais leo!

Cad é an gléas?

Cad é an gléas a roghnaigh tú,
A roghnaigh tú, a roghnaigh tú?
Cé acu is fearr leat?

Is maith le Seán an tambóirín,..
Sin an ceann is fearr leis.

Is maith le Bríd na castinéid,..
Sin an ceann is fearr léi.

Is maith le Pól na cloigíní,...
Sin an ceann is fearr leis.





An Trá

Bróga ar mo chosa,
cóta ar mo dhroim,
Lamhainní ar mo lámha,
hata ar mo cheann,

Dúnann Daid an doras,
'aoibhinn liom an lá,
Triúr againn le chéile,
síos go dtí an trá.



An Trá

Feicim ar an bhealach,
bláthanna ag fás,
Eitleáin ar eitilt,
báidíní ar snámh.

Tógaim liom mo liathróid,
buicéad agus spád,
Deánaim caisleán láidir
thíos ag bun na trá.

Liam Beag a' Néilín

Liam Beag a' Néilín
Ag rith ar fud an tí,
Suas a' staighre, síos a' staighre
Is gan air ach léine oíche,
Ag bualadh ar an fhuinneog
's ag scairteadh amach,
'bhfuil na páistí uilig ina gcodladh
Tá sé leath i ndiaidh a hocht?'

Buail do bhosa



Buail do bhosa, Buail do bhosa,
Bosa beaga mine,
Buail do bhosa, Buail do bhosa,
Is gheobhaidh tú féirín Dé
hAoine,

Buail do ghlúine,..
Buail do chosa,..



Humptaí Dumptaí



Bhí Humptaí Dumptaí ina shuí ar an bhalla,

Thit Humptaí Dumptaí anuas go talamh,

Tháinig na saighdiúirí, 'is capaill an rí,

Ach tá Humptaí Dumptaí fós ar an talamh ina luí.

Andaí Falsa

Andaí falsa, Andaí falsa, ina luí, ina luí.
Cuimil ar a cheann é, cuimil ar a cheann é.
Aon ,dó, trí, ina shuí.

Andaí falsa, Andaí falsa, ina luí, ina luí.
Cuimil ar a chos é, cuimil ar a chos é,
Aon ,dó, trí, ina shuí.

Andaí falsa, Andaí falsa, ina luí, ina luí.
Cuimil ar a chluas é, cuimil ar a chluas é.
Aon ,dó, trí, ina shuí.



An Fhearthainn

'Bhuf, bhuf,' arsa an madadh
'Mí-ádh,' arsa an cat
'Rachaidh muid abhaile
Tá an fhearthainn ag teacht!'

'Cuac, cuac,' arsa an lacha
'Tá mise sa chró
Lig amach mé faoin fhearthainn,
Lig amach mé go beo.'







An Ghráinneog agus eile

Tá an ghráinneog iontach colgach
Tá an ghráinneog iontach colgach
Tá an ghráinneog iontach colgach
Cad é eile ba chóir dom a rá?

Snámhann an t-iasc san uisce..
Tá na crogaill iontach fiaclach,..
Tá an nathair iontach sleamhain,...
Tá an chuileog iontach sásta,..







Máirín Bhán

Bhí Máirín Bhán ina cailín
deas, ina cailín deas,
ina cailín deas
Bhí Máirín Bhán ina cailín
deas, ina cailín deas

I gcaisleán mór a chónaigh sí, ...
Chuir síóg olc ina codladh í,...
Ar feadh céad bliain achodail sí,..
Tháinig prionsa ar a chapall lá,..
Mhuscáil sé Mairín Bhán,..
Thosaigh sé ag damhsa léi,..
Bhí achan duine ag damhsa
ansin,..

Péint is scuab is páipéar

Péint is scuab is páipéar
Péint is scuab is páipéar
Déanfaidh mise pictiúr duit,
Le péint is scuab is páipéar.





Téidí Beag Buí

Téidí beag álainn, Téidí beag buí
Thit sé sa pháirc agus tá sé an-tinn,
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Téidí beag álainn, Téidí beag buí.

Ghortaigh sé a lámha 'is ghortaigh sé a cheann,
Ghortaigh sé a shúile 'is ghortaigh sé a ghlúin,
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Téidí beag álainn, Téidí beag buí.

Téidí Beag Buí

Tháinig an dochtúir i gcarr chun tí.
Cá bhfuil Téidí beag, Téidí beag buí?
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Téidí beag álainn, Téidí beag buí.

D'amharc sé a lámha 'is d'amharc sé a cheann,
D'amharc sé a shúile 'is d'amharc sé a ghlúin,
Tá sé ina leaba bheag, tá sé ina luí,
Téidí beag álainn, Téidí beag buí.

Nóiníní bána

Nóiníní bána ar imeall na habhann,
Rachaidh mé síos agus piocfaidh mé ceann,
Ceann beag do Mháire 's ceann beag dom féin,
Ceann beag do mo chairde ar oileán i gcéin.

Deánfaidh mé slabhra deas bán is órga,
Déanta as nóiníní bána go leor,
Beidh sé go hálainn anuas ar mo cheann,
Mise 'mo bhanríon ar imeall na habhann.